

Cáin Mhaoine Áitiúil

CMÁ

**TREOIRLÍNTE MAIDIR LE FAOISEAMH CHÁIN
MHAOINE ÁITIÚIL DO DHAOINE AONAIR FAOI
MHÍCHUMAS/FAOI ÉAGUMAS**



Is mar threoir amháin a thugtar an t-eolas sa doiciméad seo agus ní comhairle ghairmiúil í, ná comhairle dlí. Níor chóir glacadh leis go bhfuil an treoir cuimsitheach ná go dtugatar freagra críochnaitheach ann ar gach cás.

1. Réamhrá

Déileáiltear sna treoirlínte seo le dhá fhaoiseamh a bhaineann le cáin mhaoine áitiúil (CMÁ) atá ábhartha do mhaoin ina bhfuil daoine aonair atá faoi mhíchumas nó faoi éagumas buan agus iomlán. Tá dhá chineál éagsúla faoiseamh CMÁ ann:

1. **Laghdú i luach innhuirir na maoine** a cuireadh in oiriúint ionas go mbeadh sé níos feiliúnaí do dhuine faoi mhíchumas i gcás gur méadaíodh luach innhuirir na maoine mar thoradh ar an obair oiriúnaithe. Go dtí an bhliain 2017, is gá go méadódh an obair mionathraithe an luach innhuirir a mhéid is go mbogann sé chuig banda luachála níos airde é. Ón mbliain 2017, oibreoidh an faoiseamh trí chead a thabhairt an luach innhuirir a laghdú faoi mhéid seasta bliantúil €50,000. (feic Cuid A thíos i gcomhair sonraí faoin bhfaoiseamh seo)
2. **Díolúine iomlán ón muirear CMÁ** do mhaoin a tógadh nó a fuarthas mar gheall ar a hoiriúnacht cónaitheachta do dhaoine faoi éagumas buan agus iomlán a mhéid is nach féidir leo iad féin a chothabháil agus a bhfuil a riocht chomh dona is go mbíonn tionchar aici ar an gcineál maoine gur féidir leo cónaí inti. Baineann an díolúine chomh maith le maoin a cuireadh in oiriúint ionas go mbeadh sí feiliúnaí do dhaoine aonair den chineál sin. (feic Cuid B thíos i gcomhair sonraí faoin bhfaoiseamh sin)

Bhraith incháilitheacht don chéad fhaoiseamh (i measc nithe eile) ar dheontas údarás áitiúil a íoc i dtreo chostas na hoibre oiriúnaithe. Ach, maolaíodh an coinníoll seo níos déanaí seo chun an faoiseamh a shíneadh do na daoine sin faoi mhíchumas nach ndéanann iarratas nó nach bhfaigheann, ar chúiseanna éagsúla, deontas den chineál sin ach a bheadh incháilithe ar bhealach eile don fhaoiseamh.

Bhraith incháilitheacht don dara faoiseamh (i measc nithe eile) ar dhámhachtain cúirte nó dámhachtain ón mBord Díobhálacha a íoc nó ar chiste iontaobhas poiblí a bhunú ar mhaithe leis an duine faoi éagumas. Ach, maolaíodh an coinníoll seo níos déanaí seo chun an faoiseamh a shíneadh do na daoine sin faoi éagumas tromchúiseach nach sásaíonn, ar chúiseanna éagsúla, na coinníollacha seo ach a bheadh incháilithe ar bhealach eile don fhaoiseamh.

Tá samplaí a léiríonn an chaoi a bhfeidhmíonn an dá fhaoiseamh san Iarscríbhinn leis an gcáipéis seo.

2. Achoimre ar na coinníollacha cáilithe don dá fhaoiseamh

Tá achoimre i gCuid 2.1 agus Cuid 2.2 thíos maidir leis na coinníollacha is gá a shásamh sula mbeidh duine incháilithe do na faoisimh. **Moltar go léifeadh iarrthóirí féideartha ar an bhfaoiseamh an fhaisnéis mhionsonraithe i ndáil leis an dá chineál faoisimh arna leagan amach i gcuid 3 agus i gcuid 4 thíos.**

2.1 Laghdú i luach inmhuirir maoin

Braitheann incháilitheacht don fhaoiseamh seo ar na coinníollacha **ar fad** seo a leanas a shásamh:

- is gá gur cuireadh an mhaoin in oiriúint chun críche go mbeadh sé níos oiriúnaí do dhuine aonair faoi mhíchumas amháin,
- tar éis í a chur in oiriúint, is gá go mbeadh an mhaoin mar theach cónaithe aonair nó príomhtheach cónaithe an duine aonair faoi mhíchumas,
- is gá go méadófaí luach inmhuirir na maoin mar thoradh ar an obair oiriúnaithe, agus
- is gá deontas údarás áitiúil a íoc i dtreo chostas na hoibre athchóirithe, **nó** i gcás nach n-íoctar deontas den chineál sin, is gá go bhfaigheadh an duine dlíteanach faomhadh ó na Coimisinéirí Ioncaim le haghaidh an fhaoisimh tar éis an fhoirm iarratais chuí a sheoladh chuig Coimisinéirí Ioncaim.

Is gá go gcuirfí faisnéis ar fáil do na Coimisinéirí Ioncaim ar an bhfoirm seo maidir leis na nithe seo:

- an obair oiriúnaithe ar tugadh fúithi,
- costas na hoibre oiriúnaithe,
- luach inmhuirir na maoin tar éis an obair oiriúnaithe a chríochnú, agus
- an luach inmhuirir inchurtha i leith na hoibre oiriúnaithe.

Mar chuid den phróiseas iarratais, éilítear ar dhochtúir an duine aonair faoi mhíchumas faisnéis áirithe a chur ar fáil i ndáil le riocht an duine aonair, ag díriú go príomha ar na nithe seo:

- méid soghluaisteachta an duine aonair faoi mhíchumas,
- an chúis gur measadh go raibh an obair oiriúnaithe ar tugadh fúithi riachtanach, agus
- an chaoi go ndearna an obair oiriúnaithe an mhaoin níos oiriúnaí le cónaí inti don duine aonair faoi mhíchumas.

Tá uasteorainn ar an méid faoinar féidir luach inmhuirir mhaoin oiriúnaithe a laghdú, agus is é is ciall leis sin, dáiríre, gur féidir luach mhaoin oiriúnaithe, **ar a mhéid**, bogadh chuig an gcéad bhanda luachála eile níos ísle, a laghdófaí cáin go bliantúil faoi €90. Is é seo an seasamh d'ainneoin an bhfuil an méadú sa luach inmhuirir díreach inchurtha i leith na hoibre oiriúnaithe dóthanach chun an mhaoin a bhogadh chuig an mbanda luachála níos airde (seasamh suas go dtí 2017) nó an laghdaítear an luach inmhuirir faoi mhéid bliantúil seasta €50,000 (seasamh ó 2017).

2.2 Díolúine ón tabhú le CMÁ

Braitheann incháilitheacht don fhaoiseamh seo ar na coinníollacha **ar fad** seo a leanas a shásamh:

- is gá go mbeadh an mhaoin mar theach cónaithe aonair nó príomhtheach cónaithe an duine aonair faoi éagumas buan óna chothú féin trí ioncam a thuilleamh ó bheith ag obair,
- is gá gur tógadh nó go bhfuarthas an mhaoin mar gheall ar a oiriúnacht chun cónaithe mar theach cónaithe ag duine aonair faoi éagumas go buan agus go hiomlán,
- i gcás gur oiriúnaíodh maoin reatha, is gá go ndearnadh an obair oiriúnaithe chun críche an mhaoin a dhéanamh níos oiriúnaí chun cónaithe ag duine aonair faoi éagumas go buan agus go hiomlán amháin agus is gá go sáródh costas an oiriúnaithe nuair atá sé críochnaithe 25% de luach inmhuirir na maoine sula ndearnadh an obair oiriúnaithe, agus
- is gá go mbeadh dámhachtain chúirte nó Bhord Díobhálacha faighte ag an duine aonair faoi éagumas nó go mbeadh ciste iontaobhas poiblí bunaithe chun a thairbhe nó a tairbhe, **nó** i gcás nach raibh aon dámhachtain ná ciste iontaobhais, is gá go bhfaigheadh an duine faomhadh ó na Coimisinéirí Ioncaim le haghaidh na díolúine tar éis an fhoirm iarratais cheart a sheoladh isteach chuig Coimisinéirí Ioncaim.

Is gá go gcuirfí faisnéis ar fáil do na Coimisinéirí Ioncaim ar an bhfoirm seo maidir leis na nithe seo:

- an chúis go bhfuil an mhaoin a tógadh nó a fuarthas oiriúnach chun cónaitheachta don duine aonair faoi éagumas,
- i gcás gur cuireadh in oiriúint maoin reatha, cur síos ar an obair oiriúnaithe a rinneadh agus ar an gcaoi go ndearna sí an mhaoin níos feiliúnaí le cónaí inti don duine aonair faoi éagumas, agus
- luach inmhuirir na maoine.

Mar chuid den phróiseas iarratais, éilítear ar dhochtúir an duine aonair faoi mhíchumas faisnéis áirithe a chur ar fáil i ndáil le riocht an duine aonair, ag díriú go príomha ar na nithe seo:

- an cineál éagumais atá ag gabháil don duine,
- méid soghluaisteachta an duine aonair faoi éagumas,
- an chúis go bhfuil an mhaoin tógadh nó a fuarthas oiriúnach chun cónaitheachta don duine aonair faoi éagumas, agus
- an chaoi (más ábhartha) go ndearna an obair oiriúnaithe an mhaoin níos feiliúnaí le cónaí inti don duine aonair faoi éagumas.

Tá feidhm ag socruithe éagsúla i gcás daoine aonair faoi éagumas atá **faoi 16 bliana d'aois**. I gcásanna den sórt sin:

- Glacfaidh na Coimisinéirí Ioncain leis go mbunófar céim an éagumais trí thagairt a dhéanamh do cibé an bhfuil Liúntas um Chúram Baile á íoc ag an Roinn Coimirce Sóisialaí.
- Ní gá do dhochtúir faisnéis a thabhairt i ndáil le riocht an linbh. Ach, is gá do theiripeoir saothair faisnéis a thabhairt maidir leis an méid a chuir éagumas an linbh isteach ar a shoghluaisteacht nó a soghluaisteacht agus an chúis gur theastaigh an mhaoin agus/nó na hoiriúnuithe áirithe.

A. LAGHDÚ SA LUACH INMHUIRIR

3. Laghdú i luach inmhuirir maoin

Ceadaítear in Alt 15A den Acht Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil) 2012 (arna leasú) luach inmhuirir na maoin a cuireadh in oiriúint ionas go mbeadh sé níos feiliúnaí do dhuine faoi mhíchumas a laghdú i gcúinsí áirithe agus ag brath ar uainiú na hoibre oiriúnaithe.

Braitheann incháilitheacht don fhaoiseamh ar na coinníollacha incháilithe ar fad arna leagan amach i gcuid 2.1 thuas a shásamh.

3.1 An chaoi a bhfeidhmíonn an faoiseamh

3.1.1 Méadú ar luach inmhuirir mhaoin oiriúnaithe agus méid an laghdaithe atá ceadaithe

Is gá go méadóidh luach inmhuirir na maoin mar thoradh ar an obair oiriúnaithe a dhéanamh. Ní gá go mbeadh an tionchar seo ag obair oiriúnaithe agus, ag brath ar an gcineál oibre, d'fhéadfaí an luach inmhuirir a laghdú dá bharr. Cé go mbeifí ag súil go méadóidh, deirimid, tógáil síneadh le maoin luach inmhuirir na maoin, ní dóchúil go gcuirfeadh oibreacha oiriúnaithe eile cosúil le tógáil rampaí rochtana nó cathaoir staighre agus greimráillí a shuiteáil le hindíoltacht na maoin agus b'fhéidir go laghdóidh siad an luach inmhuirir. Ní ghlacfaidh na Coimisinéirí Ioncain leis go méadóidh oiriúint le maoin a luach inmhuirir.

Feidhmíonn an faoiseamh go héagsúil ag brath ar an ndearnadh an bair oiriúnaithe roimh nó tar éis an chéad dáta luachála CMÁ an 1 Bealtaine 2013. I ndáil le CMÁ iníoctha don bhliain 2017 ar aghaidh, athróidh feidhmiú an fhaoisimh agus ní bheith sé ag brath a thuilleadh ar an obair oiriúnaithe a rinneadh. Tugtar achoimre sa tábla i gcuid 3.1.1.6 thíos ar an gcaoi a bhfeidhmíonn an faoiseamh do thréimhsí éagsúla.

3.1.1.1 Obair oiriúnaithe a rinneadh roimh an 1 Bealtaine 2013 agus CMÁ iníoctha do na blianta 2013 go 2016

Ní féidir luach inmhuirir maoin oiriúnaithe idir na blianta 2013 agus 2016 a laghdú ach amháin i gcás go ndearnadh an obair oiriúnaithe roimh an 1 Bealtaine 2013, an chéad dáta luachála ar ar bunaíodh an luach inmhuirir. Ach, d'fhéadfadh sé tarlú nach laghdófar dliteanas CMÁ na maoin mar gheall ar oiriúnú a dhéanamh ar an maoin. Is é is cúis leis seo go bhféadfaí gá a bheith le luach maoin a laghdú suas le €50,000 a bheith ag teastáil

chun laghdú banda amháin sa luach inmhuirir a bhaint amach.

Ní hé costas na hoibre oiriúnaithe atá le hasbhaint ó luach inmhuirir na maoine ach an méid a mhéadaigh an luach inmhuirir mar thoradh díreach ar an obair oiriúnaithe ar tugadh fúithi, i.e. méid an luach inmhuirir atá inchurtha go díreach i leith na hoibre oiriúnaithe. Is beagnach cinnte go mbeidh aon ardú den chineál sin i luach inmhuirir níos lú ná costas na hoibre oiriúnaithe. B'fhéidir nach mbeadh tionchar ag oiriúnuithe réasúnta suntasacha fiú, cosúil le síneadh a thógáil, ar mhaoin a bhogadh chuig banda luachála níos airde, mar sin d'fhéadfadh sé nach bhfuil aon tionchar chun críocha CMÁ mar thoradh ar an obair oiriúnaithe. Ach, i gcás maoin le luach inmhuirir os cionn €1m, beidh tionchar ag aon mhéadú sa luach inmhuirir inchurtha le hobair oiriúnaithe ar dhliteanas CMÁ mar gheall go ngearrtar cáin ar mhaoin den chineál sin ar bhonn a luach inmhuirir iarbhír agus ní banda luachála.

Mar gheall go ndearnadh an obair oiriúnaithe roimh an 1 Bealtaine 2013, ní bheadh an duine dliteanach in ann an luach inmhuirir a bhunú uair a críochnaíodh an obair agus ní rabhthas ag súil go dtabharfaidís meastacháin maidir le cén seasamh a bheadh ann ag an am sin. Ina ionad sin, ar an 1 Bealtaine 2013, bheadh ar an duine dlite meastachán a thabhairt ar an dáta sin faoin tionchar a bhí ag an obair oiriúnaithe níos luaithe ar an luach inmhuirir, i.e. beidh air nó uirthi na ceisteanna chur “cad é luach mo thí anois? Cén luach a bheadh air mura mbeadh an obair oiriúnaithe déanta agam?”

3.1.1.2 Obair oiriúnaithe a rinneadh tar éis an 1 Bealtaine 2013 agus CMÁ iníoctha do na blianta 2013 go 2016

Ní féidir luach inmhuirir maoin oiriúnaithe idir na blianta 2013 agus 2016 a laghdú i gcás go ndearnadh an obair oiriúnaithe tar éis an 1 Bealtaine 2013. Is é is cúis leis seo go bhfuil an luach inmhuirir (réamhoiriúnú) mar a bunaíodh ar an gcéad dáta luachála an 1 Bealtaine 2013 fós ina luach inmhuirir go dtí an chéad dáta luachála eile, an 1 Samhain 2019. Dá bhrí sin, tugtar neamhaird ar aon mhéadú i luach maoine, cibé cúis a bhíonn leis, idir an dá dháta luachála sin. Is é seo an cás do gach maoin agus ní hamháin maoin atá oiriúnaithe chun cónaithe ag duine faoi mhíchumas. Mar sin, fad is nach laghdaítear an luach inmhuirir mar thoradh ar an obair oiriúnaithe, níl dliteanas CMÁ níos airde ar an duine dliteanach mar thoradh ar an méadú i luach na maoine.

3.1.1.3 Obair oiriúnaithe a rinneadh ag am ar bith agus CMÁ iníoctha ón mbliain 2017 ar aghaidh

Is féidir luach inmhuirir gach maoin oiriúnaithe a laghdú ón mbliain 2017 ar aghaidh, d'ainneoin an ndearnadh an obair oiriúnaithe roimh nó tar éis an 1 Bealtaine 2013, ach i gcásanna amháin ina mbíonn tionchar ag an obair oiriúnaithe ar luach na maoine a mhéadú. Ní bheidh gá a thuilleadh an chuid den luach inmhuirir atá inchurtha i leith na hoibre oiriúnaithe a bhunú. **Ina ionad sin, oibreoidh an faoiseamh trí chead a thabhairt an luach inmhuirir a laghdú gach bliain faoi mhéid seasta €50,000, beag beann ar na cúinsí ar leith.** I gcás nach sásaítear na coinníollacha incháilithe don fhaoiseamh ar an dáta dliteanais, an 1 Samhain 2016, nó roimhe, a gcinneann an dáta sin an dliteanas CMÁ don bhliain 2017, ní bheidh feidhm ag an faoiseamh go dtí an bhliain 2018 nó níos déanaí, ag brath ar an uair go sásaítear na coinníollacha.

Mar gheall go bhfuil leithead seasta €50,000 ag na bandaí luachála ar fad seachas ceann

amháin, cinnteoidh an méid seo laghdú de bhanda luachála aonair agus dá bhrí sin laghdú €90 sa dliteanas CMÁ bliantúil. I gcás go mbíonn feidhm ag an laghdú aon-bhanda seo cheana féin i ndáil le hobair oiriúnaithe a rinneadh roimh an 1 Bealtaine 2013, ní bhfaighfear aon fhaoiseamh breise ón asbhaint nua seasta €50,000. Ní bhfaighfidh maoin a bhfuil a luach inmhuirir sa chéad bhanda luachála, náid go €100,000, aon tairbhe ón laghdú seasta €50,000 seo mar gheall go bhfuil an mhaoín sa bhanda is ísle cheana féin agus dliteanach leis an íostáille CMÁ. Braithfidh an laghdú bliantúil sa dliteanas CMÁ do mhaoín de luach níos mó ná €1m ar an méid a sháraíonn an luach inmhuirir €1m; ar a mhéid, beidh an laghdú cothrom le €125 i gcás gurbh ionann an luach inmhuirir €1,050,000 ar a laghad (i.e. €50,000 x .25%).

Cé nach mbeidh gá a thuilleadh an chuid den luach inmhuirir atá inchurtha i leith na hoibre oiriúnaithe gur féidir a asbhaint ón luach inmhuirir a bhunú, beidh ar dhuine dliteanach fós a bhunú, nuair a chríochnaítear an obair oiriúnaithe, go raibh de thionchar ag an obair oiriúnaithe agus luach na maoin a mhéadú.

3.1.1.4 Uasteorainn ar an laghdú sa luach inmhuirir

Tá uasteorainn ar an méid faoinar féidir luach inmhuirir mhaoín oiriúnaithe a laghdú. Méid athraitheach atá sa mhéid seo do na blianta 2013 go 2016 **ach beidh sé ina mhéid seasta €50,000 ag tosú leis an mbliain 2017.**

Do na blianta 2013 go 2016 is ionann an uasteorainn ar an méid gur féidir a asbhaint ón luach inmhuirir agus an ceann is ísle den luach inmhuirir inchurtha i leith na hoibre oiriúnaithe agus an uasdheontas iníoctha faoi scéim údarás áitiúil ábhartha tráth a dhéantar an obair. Chun na críche seo, is féidir glacadh leis an méid a thaispeántar sa tábla seo a leanas amhail an uasdheontas.

UASDEONTAS INÍOCTHA FAOI SCÉIMEANNA ÚDARÁS ÁITIÚIL			
An uair a thosaigh an obair	Scéim údarás áitiúil (feic cuid 3.3)	Maoin níos lú ná 12 mhí d'aois	Maoin níos mó ná 12 mhí d'aois
1 Márta 1993 go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2007	2001	€12,700	€20,320
1 Samhain 2007 go dáta	2007	€14,500	€30,000

Méadaíonn na bandaí luachála CMÁ go forchéimnitheach de mhéideanna seasta €50,000 agus is ionann an t-uasdheontas iníoctha faoi scéimeanna an údaráis áitiúil agus €30,000. Dá bhrí sin, ar a mhéid, ní féidir le hobair oiriúnaithe luach inmhuirir na maoin oiriúnaithe a laghdú ach banda luachála aonair. B'fhéidir go mbogfadh maoin de luach ag uasteorainn banda ar leith sula dtugtar an obair oiriúnaithe san áireamh chuig íochtar an bhanda sin ach thabhdh sé fós an dliteanas CMÁ céanna is a thabhaigh roimh an oiriúnú. I gcás maoin de luach níos mó ná €1m, is ionann an t-uaslaghdú bliantúil CMÁ féideartha agus €75 (i.e. €30,000 @ .25%)

I gcomhair scéim údarás áitiúil 2001, is ionann an uasteorainn agus céatadán de chostas na hoibre atá faofa ag an údarás áitiúil áirithe agus a cinneadh faoin am a tosaíodh ar an obair. I gcás nár íocadh aon deontas údarás áitiúil, úsáidfídh na Coimisinéirí Ioncaim, ina ionad sin, an t-uasdheontas iníoctha mar uasteorainn chun comparáid a dhéanamh leis an luach inmhuirir inchurtha leis an obair. Is ionann an uasteorainn seo agus €12,700 i gcás go bhfuil maoin níos lú ná 12 mhí d’aois agus €20,320 i gcás go bhfuil maoin níos mó ná 12 mhí d’aois.

Ag tosú leis an bhliain 2017, is féidir an luach inmhuirir a laghdú faoi mhéid seasta €50,000 gach bliain, beag beann ar na cúinsí ar leith, a mhéid is go sásaítear na coinníollacha incháilithe ar fad.

3.1.1.5 Foirceannadh faoisimh

Is gá go mbeadh an duine faoi mhíchumas ina chónaí sa mhaoin mar theach cónaithe aonair nó mar phríomhtheach cónaithe tar éis an obair oiriúnaithe a chríochnú. Ach, is féidir leanúint ag laghdú luach inmhuirir na maoine oiriúnaithe i gcás go stopann an duine faoi mhíchumas, tráth níos deireanaí, de bheith ina chónaí sa mhaoin mar theach cónaithe aonair nó mar phríomhtheach cónaithe chomh fada is nach ndíoltar nó nach n-aistrítear ar bhealach eile an mhaoin chuig duine dliteanas eile.

3.1.1.6 Achoimre ar fheidhmiú an fhaoisimh

CMÁ iníoctha do na blianta 2013 go 2016		CMÁ iníoctha don bhliain 2017 ar aghaidh
Obair oiriúnaithe roimh an 1 Bealtaine 2013	Obair oiriúnaithe tar éis an 1 Bealtaine 2013	Obair oiriúnaithe ag am ar bith
Bunaítear laghdú sa luach inmhuirir amhail an 1 Bealtaine 2013 i gcás gur leor an méadú sa luach inmhuirir inchurtha i leith na hoibre oiriúnaithe chun an mhaoin a bhogadh chuig banda luachála níos airde	Níor bunaíodh laghdú sa luach inmhuirir amhail an 1 Bealtaine 2013 mar go dtugtar neamhaird ar an méadú sa luach inmhuirir tar éis na hoibre oiriúnaithe	Luach inmhuirir arna bhunú an 1 Bealtaine 2013 laghdaithe faoi €50,000 i gcás go méadaíonn an obair oiriúnaithe luach na maoine

3.2 An míchumas agus an riachtanas le haghaidh obair oiriúnaithe a bhunú

I gcás go n-íoctar deontas údarás áitiúil, sásaíonn an t-údarás áitiúil ábhartha é féin maidir le hincháilitheacht an iarrthóra don deontas agus réasúnacht chostas na hoibre oiriúnaithe. I gcás go n-éilítear faoiseamh cánach i bhfoirm laghdú ar luach inmhuirir mhaoin oiriúnaithe,

éilítear é ar bhonn féinmheasúnaithe gan ghá iarratas a dhéanamh ar Coimisinéirí Ioncaim don fhaoiseamh.

Ach, i gcás go gcuirtear an mhaoin in oiriúint gan deontas údarás áitiúil a íoc, caithfidh duine dlíteanach, a shásaíonn na coinníollacha riachtanacha eile (feic cuid 2.1 thuas), iarratas a dhéanamh chuig Coimisinéirí Ioncaim ar an bhfaoiseamh. Áirítear an fhoirm iarratais riachtanach (CMÁ6) san Iarscríbhinn leis na treoirlínte seo. Is é príomhchuspóir na foirme seo a bhunú go bhfuil duine aonair faoi mhíchumas ina chónaí i maoin áirithe agus gur cuireadh an mhaoin in oiriúint chun críche í a dhéanamh níos feiliúnaí don chónaitheacht sin amháin.

3.2.1 An míchumas a bhunú

Le cáiliú don fhaoiseamh cánach, is gá go mbeadh duine aonair faoi mhíchumas ina chónaí sa mhaoin oiriúnaithe mar theach cónaithe aonair nó príomhtheach cónaithe. Tógtar an bhrí a bhaineann le míchumas ón Acht um Míchumas 2005 agus ciallaíonn sé **“srianadh suntasach i gcumas an duine aonair chun gairm, gnó nó post a dhéanamh sa Stát nó chun páirt a ghlacadh i saol sóisialta nó cultúrtha sa Stát mar gheall ar lagú marthanach fisiciúil, céadfach, meabhairshláinte nó intleachtach.”**

Ní leor míchumas ann féin d’incháilitheacht i gcomhair faoiseamh cánach mar gur gá méid an mhíchumais agus na deacrachtaí soghluaisteachta lena mbaineann a chur san áireamh agus cinneadh á dhéanamh cibé an dteastaíonn maoin oiriúnaithe go cuí ón duine aonair.

Éilítear ar dhochtúir an duine aonair faoi mhíchumas faisnéis áirithe a chur ar fáil i ndáil le riocht an duine aonair ar an bhfoirm iarratais, ag díriú go príomha ar mhéid soghluaisteachta an duine aonair. Dá bhrí sin, is gá faisnéis a chur ar fáil maidir le:

- Cineál agus méid an mhíchumais;
- Chomh fada is a mheastar a leanfaidh an míchumas ar aghaidh;
- An bhfuil an míchumas forchéimnitheach;
- A mhéid is a bhíonn tionchar ag míchumas an duine ar a shoghluaisteacht nó a soghluaisteacht;
- Cé chomh soghluaiste is atá an duine faoi mhíchumas.

3.2.2 An riachtanas le haghaidh obair oiriúnaithe a bhunú

Agus cinneadh á dhéanamh chun deontas a íoc nó gan é a íoc i dtreo chostas maoin a oiriúnú, measann údarás áitiúil cibé an bhfuil an obair oiriúnaithe riachtanach go réasúnach chun críche an mhaoin a dhéanamh oiriúnach chun cónaitheachta ag an duine aonair faoi mhíchumas. Is gá gurb é cuspóir an mhaoin a oiriúnú neamhspleáchas feidhmiúil duine aonair faoi mhíchumas a mhéadú nó a chothabháil. Is gá go gcuideodh na hoiriúnuithe leis na srianta a eascraíonn mar thoradh ar an míchumas a shárú. Níl faoiseamh ar fáil as oibreacha feabhsúcháin/cothabhála ginearálta a dhéanamh le maoin ná as obair a bhfuil tairbhe ghinearálta leo don teaghlach seachas obair a théann i ngleic le riachtanais speisialta duine aonair faoi mhíchumas. Is í an phríomhcheist don duine aonair faoi mhíchumas “an mbeadh an oiriúint áirithe fós ag teastáil uaim mura raibh mé faoi mhíchumas?”

Is gá do dhochtúir an duine faoi mhíchumas míniú a thabhairt ar an bhfoirm iarratais maidir leis an gcúis gur measadh go raibh an obair oiriúnaithe ar tugadh fúithi riachtanach.

3.3 Scéimeanna deontais údarás áitiúil

Is ga go ndéanfaí an obair oiriúnaithe le cúnaimh deontais ó údarás áitiúil nó is gá go bhfaomhfadh na Coimisinéirí Ioncaim an laghdú mar a chuirtear síos air i gcuid 3.2 thuas. **Ní ceann ach ceann amháin den dá choinníoll sin a shásamh.**

Is gá an deontas údarás áitiúil a íoc i dtreo chostas na hoibre de réir théarmaí scéimeanna áirithe maidir le hoiriúintí tithíochta a riarann údaráis áitiúla. Is iad an dá scéim údarás áitiúil ábhartha:

1. An Deontas um Oiriúint Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas arna fhoráil sna Rialacháin Tithíochta (Deontais do Dhaoine faoi Mhíchumas agus Deisiúcháin Ríthábhachtacha) 2007 (I.R. Uimh 670/2007), agus
2. Deontais do Dhaoine faoi Mhíchumas arna bhforáil sna Rialacháin Tithíochta (Deontais do Dhaoine faoi Mhíchumas agus Deisiúcháin Ríthábhachtacha) 2001 (I.R. Uimh 607/2001). Is í seo an scéim reatha agus tháinig sí i bhfeidhm an 1 Samhain 2007.

Folaítear níos mó ná cineál scéime amháin sa dá shraith Rialachán, ach is iad na deontais amháin a íoctar le daoine faoi mhíchumas agus ní ar bhonn aoise atá le tabhairt san áireamh chun críocha an fhaoisimh CMÁ seo.

B. DÍOLÚINE ÓN TABHÚ LE CMÁ

4. Díolúine do dhaoine aonair faoi éagumais buan agus iomlán

Folaítear in Alt 10B den Acht Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil) 2012 (arna leasú) díolúine iomlán do mhaoin chónaithe áirithe ina bhfuil daoine aonair faoi éagumas buan agus iomlán ina gcónaí a mhéid is nach féidir leo iad féin a chothabháil agus a bhfuil a riocht chomh dona is go stiúran sé an cineál maoine gur féidir leo cónaí inti. **Braitheann incháilitheacht don fhaoiseamh ar na coinníollacha incháilithe ar fad arna leagan amach i gcuid 2.2 thuas a shásamh.** Mínítear na coinníollacha seo níos mine thíos.

4.1 Cineál agus méid an éagumais

Le bheith incháilithe don díolúine, is gá go mbeadh duine aonair faoi éagumas buan nach bhfuil sé nó sí in ann é nó í féin a chothabháil ina chónaí sa mhaoin. Is tairseach ard éagumais í seo. Is gá go mbeadh an duine aonair faoi éagumas a mhéid is nach bhfuil sé nó sí in ann é nó í féin a chothabháil. Ciallaíonn “cothabháil” sa chomhthéacs tacú leat féin trí ioncam a thuilleamh ó bheith ag obair. Ciallaíonn éagumas iomlán sa chomhthéacs seo nach bhfuil an duine aonair ábalta ioncam a thuilleamh ó aon chineál oibre. Is gá go mbeadh an t-éagumas buan chomh maith, i.e. níor cheart go mbeadh aon ionchas go dtiocfadh an duine aonair aige nó aici féin nó go bhfeabhsódh an riocht a mhéid is go mbeadh an duine aonair in ann é féin nó í féin a chothabháil.

Ní féidir liosta riochtaí leighis a chur ar fáil gur féidir glacadh leis go huathoibríoch amhail is go sásódh sé na riachtanais don fhaoiseamh. Ar ndóigh, tá roinnt éagsúlachtaí i ndéine go

leor riochtaí a chiallaíonn go bhféadfadh sé nach sásódh duine aonair a bhfuil cineál éadrom den riocht ag gabháil dóibh na riachtanais don fhaoiseamh agus go bhféadfadh duine aonair le cineál dian den riocht sin a dhéanamh. Ar deireadh, cinnfear cibé an bhfuil maoin incháilithe do dhíolúine CMÁ mar gheall ar mhéid éagumas an duine aonair, is cuma riocht bhunúsach atá aige nó aici.

Cé nach iondúil go gcothaíonn daoine scothaosta os cionn aois scoir iad féin trí obair a dhéanamh chun ioncam a thuilleamh, ní chaitear le héiglíocht, nó cumas laghdaithe inchurtha i leith seanaois **amháin** agus nach mbaineann le riocht leighis bunúsach amhail éagumas buan agus iomlán chun críocha incháilitheacht do dhíolúine CMÁ.

4.1.1 Cineál agus méid an éagumais a bhunú

Baineann measúnú ar mhéid éagumais an duine aonair le híocaíocht dhámhachtain chúirte nó Bhord Díobhálacha. Is iondúil go mbunaítear cistí iontaobhas poiblí i gcás éagumas an-dian. Tar éis dámhachtain den chineál sin a íoc nó ciste iontaobhas poiblí a bhunú, éilítear an díolúine CMÁ ar bhonn féinmheasúnaithe gan gá iarratas a dhéanamh leis na Coimisinéirí Ioncaim. Ach, ba chóir a thabhairt faoi deara go mbíonn go leor de na díobhálacha pearsanta i ndáil lena ndéanann an Bord Díobhálacha dámhachtana mionchúiseach agus dá bhrí sin nach leor an dámhachtain as féin mar choinníoll do dhíolúine.

I gcás nach bhfuarthas dámhachtain nó nár bunaíodh ciste iontaobhas poiblí, ní mór don duine dliteanach i ndáil leis an maoin lena bhfuil an díolúine a lorg, agus a shásaíonn na coinníollacha riachtanacha eile don díolúine CMÁ, iarratas a dhéanamh ar na Coimisinéirí Ioncaim le haghaidh na díolúine. Áirítear an fhoirm iarratais riachtanach (CMÁ7) san Iarscríbhinn leis na treoirlínte seo. Is é príomhchuspóir na foirme seo a bhunú go bhfuil duine aonair faoi éagumas buan agus iomlán a mhéid is nach féidir leis nó léi é féin nó í féin a chothabháil trí obair a dhéanamh agus ioncam a thuilleamh ina chónaí i maoin áirithe agus go bhfuarthas an mhaoin/gur cuireadh an mhaoin in oiriúint chun críche í a dhéanamh níos feiliúnaí don chónaitheacht sin amháin.

Éilítear ar dhochtúir an duine aonair faoi éagumas faisnéis áirithe a chur ar fáil i ndáil le riocht an duine ar an bhfoirm iarratais, ag díriú go príomha ar mhéid éagumais/soghluaisteachta an duine aonair. Dá bhrí sin, is gá faisnéis a chur ar fáil maidir le:

- Cineál agus méid an éagumais;
- Cibé an bhfuil aon ionchas go bhfeabhsóidh an riocht;
- A mhéid is a bhí tionchar ag éagumas an duine aonair ar a shoghluaisteacht nó a soghluaisteacht;
- Cé chomh soghluaiste is atá an duine faoi éagumas.

4.1.2 Daoine aonair faoi éagumas atá faoi 16 bliana d'aois

I gcás daoine aonair faoi éagumas atá faoi 16 bliana d'aois, glacfaidh na Coimisinéirí Ioncaim leis go sásaítear an tástáil éagumais buana gus iomlán i gcás go n-íocann an Roinn Coimirce Sóisialaí Liúntas um Chúram Baile. D'fhonn cáiliú i gcomhair Liúntas um Chúram Baile, is gá go mbeadh míchumas chomh dian ag an leanbh is go dteastaíonn cúram agus aird ó agus/nó maoirseacht ón leanbh níos mó ná leanbh eile den aois chéanna. Is gá go dtabharfadh duine eile an cúram agus an aird seo, beagnach an t-am ar fad, ionas gur féidir leis an leanbh déileáil le gníomhaíochtaí laethúla. Is gá gur dóchúil go mbeadh an leibhéal cúraim seo ag teastáil ón leanbh ar feadh 12 mhí ar a laghad.

Tá na socruithe éagsúil ó na socruithe a ndéantar cur síos orthu i gcuid 4.1 agus 4.1.1 thuas ar dhá bhealach. Ar an gcéad dul síos, ní bhunaítear an chéim éagumais trí thagairt do cibé an bhfuil an duine aonair faoi éagumas buan agus iomlán a mhéid is nach bhfuil sé nó sí in ann

é féin nó í féin a chothabháil trí obair a dhéanamh chun ioncam a thuilleamh ach, ina áit sin, cibé an íoctar nó nach n-íoctar Liúntas um Chúram Baile. Ar an dara dul síos, ní gá do dhochtúir faisnéis a thabhairt i ndáil le riocht an linbh. Ach, is gá do theiripeoir saothair faisnéis a thabhairt maidir leis an méid a chuir éagumas an linbh isteach ar a shoghluaisteacht nó a soghluaisteacht agus an chúis gur theastaigh an mhaoín agus/nó na hoiriúnuithe áirithe. Áirítear an fhoirm iarratais riachtanach (CMÁ8) san Iarscríbhinn leis na treoirlínte seo.

4.2 Fáil/oiriúnú maoin agus a hoiriúnacht chun cónaitheachta ag duine faoi éagumas

Is gá gur tógadh nó go bhfuarthas an mhaoín mar gheall ar a oiriúnacht chun cónaithe ag duine aonair faoi éagumas go buan agus go hiomlán nó gur cuireadh in oiriúint í ionad go bhféadfadh duine aonair den chineál sin cónaí inti. Is gá go mbeadh an duine faoi éagumas ina chónaí sa mhaoín mar theach cónaithe aonair nó mar phríomhtheach cónaithe. Is é is ciall i ndáiríre leis an éagumas a nascadh leis an oiriúnacht chun cónaithe, go mbeidh baint i gcónaí ag cineál an éagumais le soghluaisteacht fhisiciúil an duine aonair agus ní le héagumas intleachtach ná céadfach. Mar shampla, d'fhéadfadh duine aonair a bhfuil míchumais céadfacha nó intleachta áirithe ag gabháil dóibh a bheith in ann cónaí i ngnáthmhaoín agus b'fhéidir go dteastódh maoin arna oiriúint go cuí ó dhaoine a bhfuil deacrachtaí soghluaisteachta díana ag gabháil dóibh.

Mar gheall gurb é cuspóir maoin ar leith a fháil nó a chur in oiriúint duine aonair faoi éagumas a éascú le cónaí inti, níl díolúine ar fáil i gcás go ndearnadh oibreacha feabhsúcháin/cothabhála ná as obair a bhfuil tairbhe ghinearálta leo don teaghlach seachas obair a théann i ngleic le riachtanais speisialta duine aonair faoi éagumas. Is í an príomhcheist a bheadh ann, an bhféadfadh an duine faoi éagumas cónaí i 'ngnáthmhaoín'.

4.2.1 Caiteachas ar obair oiriúnaithe

I gcás gur oiriúnaíodh maoin lena dhéanamh níos feiliúnaí chun cónaithe ag duine aonair faoi éagumas, is gá go sáródh **costas na hoibre oiriúnaithe** (agus ní an costas inchurtha i leith na hoibre oiriúnaithe) nuair atá sé críochnaithe 25% de luach inmhuirir na maoin sula ndéantar an obair oiriúnaithe. Ba cheart do dhuine dlíteanach dá bhrí sin luach inmhuirir a mhaoine na a maoin a bhunú roimh agus tar éis an obair a dhéanamh. I gcás obair oiriúnaithe a rinneadh sular tugadh isteach CMÁ, éilítear ar dhuine luach inmhuirir na maoin a bheadh i gceist roimh an obair oiriúnaithe a bhunú go cúlghabhálach.

4.3 Foirceannadh na díolúine

Is gá go mbeadh an duine faoi éagumas ina chónaí sa mhaoín mar theach cónaithe aonair nó mar phríomhtheach cónaithe sula n-éilítear an díolúine i dtosach. Ach, féadfaidh feidhm a bheith ag an díolúine go fóill tar éis don duine faoi éagumas imeacht ón maoin chomh fada is nach ndíoltar nó nach n-aistrítear an mhaoín ar bealach eile, cosúil le trí bhronntanas nó oidhreacht. Ní thagann deireadh leis an díolúine tar éis an mhaoín a dhíol nó a aistriú chomh fada is go bhfanann an duine aonair faoi éagumas ag cónaí inti.

5. An faoiseamh CMÁ a éileamh

I gcás go sásaítear na coinníollacha ar fad don fhaoiseamh, seachas i gcás go n-éilítear ar an duine dliteanach iarratas a dhéanamh ar fhaomhadh na gCoimisinéirí Ioncaim, ba cheart don duine dliteanach an faoiseamh a éileamh ar bhonn féinmheasúnaithe. Cé gur mhaolaigh roinnt de na coinníollacha do na faoisimh tar éis CMÁ a thabhairt isteach, tá na faoisimh a gur i bhfeidhm go cúlghabhálach chuig an 1 Iúil 2013. Mar thoradh air sin, d'fhéadfadh daoine atá dliteanach a bheith ann a d'íoc CMÁ de réir na reachtaíochta reatha ag an am agus a bhí incháilithe don fhaoiseamh ina dhiaidh sin. Ba cheart do dhaoine mar sin iarratas a dhéanamh leis na Coimisinéirí Ioncaim le haghaidh aisíoc ar chuid nó iomlán CMÁ a íocadh roimhe sin. Braithfidh méid aon aisíocaíochta ar an gcáilfonn an duine aonair do laghdú i luach inmhuirir a mhaoine nó a maoiné nó do dhíolúine iomlán ó íocaíocht CMÁ.

Ba iad na coinníollacha a maolaíodh tar éis an CMÁ a thabhairt isteach na riachtanais go mbeadh deontas údarás áitiúil faighte i dtreo chostas maoin a oiriúnú, chun dámhachtain Chúirte nó Bhord Díobhálacha a fháil nó ciste iontaobhas poiblí a bheith bunaithe chun tairbhe an duine aonair faoi éagumas. I gcás nach sásaítear ceann ar bith de na coinníollacha seo ach go sásaítear na coinníollacha incháilithe eile ar fad i gcomhair faoiseamh ar leith, féadfaidh duine dliteanach i ndáil le maoin ar leith iarratas a dhéanamh ar na Coimisinéirí Ioncaim le haghaidh faomhadh don fhaoiseamh. Ba cheart don duine dliteanach an fhoirm iarratais ábhartha chomhlánaithe (LPT6, LPT7 nó LPT8 atá san áireamh san Iarscríbhinn leis na treoirí seo) a sheoladh isteach chuig an mBrainse Cháin Mhaoine Áitiúil, Na Coimisinéirí Ioncaim, Bosca Poist 1, Luimneach. Tá tuilleadh faisnéise nó cúnaimh le fáil trí theagmháil a dhéanamh le Líne Chabhrach CMÁ ar 1890 200 255.

D'fhéadfaí pionóis a chur ort faoi alt 147 den Acht Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil) 2012 (arna leasú) mar gheall ar éileamh bréagach.

Samplaí

Léiríonn na samplaí seo a leanas na gnéithe éagsúla d'fheidhmiú an dá fhaoiseamh CMÁ.

A. LAGHDÚ SA LUACH INMHUIRIR

1. Ní mhéadaíonn oiriúnú roimh an 1 Bealtaine 2013 an luach inmhuirir

Sular tháinig an CMÁ isteach, thiontaigh Joe an seomra suí ina theach ina sheomra folctha a bhí oiriúnach dá bhean chéile faoi mhíchumas ar chostas €15,000. Fuair sé deontas óna údarás áitiúil faoi scéim 2007. Mheas sé go raibh luach margadh €160,000 ag an teach roimh an tiontaithe, i.e. sa bhanda luachála €150,001 go €200,000. Chun críocho CMÁ, measann sé go dtitfeadh luach margadh a thí chuig €150,000 mar thoradh ar an tiontú, rud a bhogfadh chuig an mbanda luachála níos ísle é, i.e. €100,001 go €150,000. Mar gheall nár mhéadaigh an obair oiriúnaithe luach inmhuirir na maoinne, ní raibh sé incháilithe don fhaoiseamh agus ní fhéadfaí aon laghdú eile sa luach inmhuirir a éileamh. Ní raibh gá dó aon ní eile a dhéanamh seachas an gnáth-thuairisceán CMÁ a sheoladh isteach i ndáil leis an gcéad dáta luachála CMÁ, an 1 Bealtaine 2013 ag dearbhú banda luachála €100,001 go €150,000.

In 2017, ní bheidh Joe incháilithe don asbhaint seasta €50,000 ó luach inmhuirir a thí mar gheall nach raibh aon mhéadú i luach inmhuirir na maoinne mar thoradh ar an obair oiriúnaithe, rud atá mar choinníoll incháilithe don fhaoiseamh.

2. Méadaíonn oiriúnú roimh an 1 Bealtaine 2013 an luach inmhuirir ach ní a dhóthain chun bandaí luachála a athrú

In 2012, shínigh Janet a teach ar chostas €50,000 chun a máthair scothaosta, atá i gcathaoir rothaí, a éascú. Fuair sí an t-uasdheontas €30,000 a bhí ar fáil faoi scéim 2007 i dtreo chostas na hoibre óna húdarás áitiúil. Sular tógadh an síneadh, mheas sí go raibh luach margadh €110,000 ag an teach, i.e. sa bhanda luachála €100,001 go €150,000. Nuair a críochnaíodh an obair, mheas sí gur mhéadaigh an luach margaidh go dtí €130,000. Ach, mar gheall gur fhan an luach méadaithe taobh istigh de bhanda luachála céanna €100,001 go €150,000, ní féidir le Janet tairbhe a bhaint as an bhfaoiseamh agus ní raibh gá di aon ní eile a dhéanamh seachas an gnáth-thuairisceán CMÁ a sheoladh isteach ag dearbhú banda luachála €100,001 go €150,000.

Ach, ó 2017 ar aghaidh, beidh Janet i dteideal asbhaint seasta bliantúil €50,000 ón luach inmhuirir €110,000 a d'fhógair sí i ndáil leis an gcéad dáta luachála an 1 Bealtaine 2013. Mar gheall ar an asbhaint, bogfar a teach isteach sa bhanda luachála is ísle, náid go €100,000 agus laghdófar a dliteanas CMÁ faoi €135. Ba cheart do Janet scríobh chuig na Coimisinéirí Ioncain chun an faoiseamh seo a éileamh.

3. Méadaíonn obair oiriúnaithe roimhe an 1 Bealtaine 2013 an luach inmhuirir a mhéid is go mbogann sé chuig banda luachála níos airde

I rith 2012, thóg Gerry síneadh lena theach le húsáid mar sheomra leapa dá iníon atá faoi mhíchumas tromchúiseach. Ní raibh an teach incháilithe do dhíolúine ón táille CMÁ faoi alt 10B den Acht Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil) 2012 (arna leasú). B'ionann costas an tsínte, lena n-áirítear an feistiú, agus €75,000 agus fuair Gerry an t-uasdheontas €30,000 faoi scéim údarás áitiúil 2007. Sular tógadh an síneadh, mheas sé go raibh luach margadh €240,000 ag an teach, i.e. sa bhanda luachála €200,001 go €250,000. Nuair a críochnaíodh an obair, mheas sé gur mhéadaigh an luach margaidh go dtí €275,000, a chuir an luach inmhuirir isteach sa bhanda luachála níos airde €250,001 go €300,000. Bhí sé incháilithe don fhaoiseamh mar go raibh an méadú inchurtha go díreach i leith na hoibre oiriúnaithe.

Ach, tá an laghdú sa luach inmhuirir srianta do chostas níos ísle na hoibre oiriúnaithe nó an t-uasdheontas iníoctha ag an údarás áitiúil. Sáraíonn costas na hoibre, €75,000, an t-uasdheontas iníoctha, €30,000. Is ionann an luach inmhuirir laghdaithe dá bhrí sin agus €245,000 (i.e. €275,000 lúide €30,000). Cé go dtiteann an luach inmhuirir laghdaithe isteach sa bhanda luachála céanna agus an luach inmhuirir roimh an oiriúnú, is gá do Gerry na Coimisinéirí Ioncaim a chur ar an eolas i scríbhinn maidir leis an luach inchurtha i leith na hoibre oiriúnaithe. Is gá dó aon cháipéisíocht thacaíochta a sheoladh isteach chomh maith má iarrann na Coimisinéirí Ioncaim sin.

Tá tairbhe faighte ag Gerry cheana féin ó laghdú sa luach inmhuirir agus ní bhfaighidh sé aon tairbhe as aon fhaoiseamh breise ó 2017 mar gheall go mbeadh luach inmhuirir €225,000 (i.e. €275,000 lúide €50,000), ag baint leis an asbhaint seasta nua €50,000, rud atá mar a chéile leis an mbanda luachála atá i bhfeidhm cheana féin, i.e. €200,001 go €250,000.

4. Maoin arna oiriúnú tar éis an 1 Bealtaine 2013

Rinne John iarratas rathúil lena údarás áitiúil ar dheontas i dtreo chostas obair oiriúnaithe faoi scéim 2007 do dhaoine faoi mhíchumas. Rinne sé an obair oiriúnaithe i rith 2014. Chun críocha CMÁ, rinne sé luacháil €310,000 ar a mhaoin ar an 1 Bealtaine 2013, i.e. sa bhanda luachála €300,001 go €350,000. Nuair a críochnaíodh an obair oiriúnaithe, mheas Jon gur mhéadaigh an obair oiriúnaithe luach a thí a mhéid is go mbeadh sé anois sa bhanda luachála €400,001 go €450,000. Ach, tá an dliteanas CMÁ céanna aige do na blianta 2015 agus 2016 mar go dtugtar neamhaird ar aon mhéadú i luach inmhuirir maoine a tharlaíonn tar éis an dáta luachála an 1 Bealtaine 2013 go dtí an chéad dáta luachála eile an 1 Samhain 2019.

Ó 2017 ar aghaidh beidh John in ann méid seasta €50,000 a asbhaint ón luach inmhuirir €310,000 a d'fhógair sé dá mhaoin an 1 Bealtaine 2013. Cuirfidh sé seo a mhaoin isteach sa bhanda luachála níos ísle de €250,001 go €300,000 agus laghdóidh sé a dhliteanas CMÁ faoi €90.

5. Níor íocadh deontas údarás áitiúil i dtreo chostas na hoibre oiriúnaithe.

Mar gheall ar a míchumas, rinne Sarah obair oiriúnaithe lena teach sular tugadh isteach an CMÁ. B é an tionchar a bhí ag an luach a shann sí leis an obair oiriúnaithe gur bogadh luach innhuirir a tí chuig an gcéad bhanda luachála eile níos airde. Níor cháiligh sí don deontas údarás áitiúil i dtreo chostas na hoibre mar gur sháraigh a hioncam an teorainn incheadaithe don scéim deontais. Nuair a fuair sí eolas i Meitheamh 2015 go raibh an riachtanas seo i gcomhair íocaíocht deontas údarás áitiúil á tharscaoileadh, sheol sí isteach an fhoirm iarratais ábhartha chuig na Coimisinéirí Ioncaim leis an bhfaisnéis a thug a dochtúir di maidir le cineál a míchumas agus an chúis gur mheas sé go raibh an obair oiriúnaithe riachtanach. D’fhaomh na Coimisinéirí Ioncaim a hiarratas agus d’aisíoc siad an €270 breise (i.e. €90 x 3) CMÁ a d’íoc sí cheana féin do na blianta 2013, 2014 agus 2015 agus rinneadh é sin mar gheall gur bog an teach isteach sa bhanda luachála níos airde.

Mar gheall gur cháiligh Sarah cheana féin d’uasmhéid an fhaoisimh, ní athródh tabhairt isteach asbhaint seasta bliantúil €50,000 ó luach innhuirir dearbhaithe a tí ón mbliain 2017 a cás.

B. DÍOLÚINE ÓN TABHÚ LE CMÁ

6. Faoi éagumas buan ach in ann tú féin a chothabháil

Bhí Rose dall ó rugadh í agus chuir sí a teach in oiriúint ar bhealaí éagsúla ionas go mbeadh sé níos feiliúnaí dá riachtanais. Cé go bhfuil Rose faoi éagumas go buan, níl sí faoi éagumas go hiomlán agus cothaíonn sí í féin trí ioncam a thuilleamh. Ní cháilíonn sí don díolúine CMÁ d’ainneoin an bhfuair nó nach bhfuair sí dámhachtain ó chúirt nó ón mBord Díobhálacha.

7. Teach oiriúnach a cheannach

Bhí James i dtimpiste carr thromchúiseach agus dá bharr bhí sé faoi éagumas iomlán agus buana agus ní raibh sé in ann obair de chineál ar bith a dhéanamh. Ní bhfuair sé aon chineáil dámhachtain chúitimh. Roimh an timpiste, chónaigh sé ar an bÚ hurlár d’fhoirgneamh in árasán beag. Ní raibh sé seo oiriúnach sá chathaoir rothaí ná don trealamh speisialaithe eile a theastaigh uaidh tar éis na timpiste. Ní raibh de rogha aige ach bogadh amach as an árasán. Dhíol sé é agus cheannaigh sé bungaló a bhí oiriúnach dá riachtanais. Le cáiliú i gcomhair díolúine ó CMÁ, is gá do James an fhoirm iarratais ábhartha a sheoladh isteach chuig na Coimisinéirí Ioncaim ina ndearbhóidh a dhochtúir go bhfuil sé faoi éagumas iomlán agus buan óna chothú féin agus ina dtabharfar faisnéis maidir le riocht James agus an gá go mbogfadh sé chuig teach cónaithe malartach.

8. Obair oiriúnaithe ar mhaoin reatha

Fear ceathairphléigeach is ea Jim mar thoradh ar ghalar meathlúcháin. Cuireadh a theach dhá stór in oiriúint go mór ionas go mbeadh sé feiliúnach dó féin agus dá bhean, Joan. Rinneadh formhór na hoibre oiriúnaithe ar urlár na talún chun suiteáil trealamh ríthábhachtach cosúil le leaba ospidéil, crochán mór, fean tionsclaíoch, bord tralaí agus pumpa tochta sreabhadh aeir a éascú. Bhí rochtain speisialta ar an teach ag teastáil chomh maith mar gheall go raibh an cathaoir rothaí/leaba a dearadh go speisialta dó níos faide agus níos leithne ná gnáthchathaoir

rothaí. Cuireadh an dara hurlár in oiriúint mar cheathrúna cónaithe do Joan. D'úsáid Joan luachálaí maoinne a mheas gurbh ionann luach inmhuirir an tí chun críocha CMÁ roimh an obair oiriúnaithe in 2007 agus €300,000. Sháraigh costas na hoibre oiriúnaithe, €120,000, 25% de luach inmhuirir na maoinne sular tugadh faoin obair. Le cáiliú i gcomhair díolúine ó CMÁ, is gá dóibh an fhoirm iarratais ábhartha a sheoladh isteach chuig na Coimisinéirí Ioncaim ina ndearbhóidh dochtúir Jim go bhfuil sé faoi éagumas iomlán agus buan óna chothú féin agus ina dtabharfar faisnéis maidir lena riocht agus an gá a bhí leis na hoiriúintí a rinneadh lena theach cónaithe.

9. Liúntas um chúram baile

Rugadh Mary, iníon le Michael agus Emily, faoi mhíchumas tromchúiseach. Faigheann siad liúntas um chúram baile ón Roinn Coimirce Sóisialaí. Níor ghá dóibh go fóill a dteach a chur in oiriúint ionas go mbeadh sé níos feiliúnaí do Mary ach tá a fhios acu go mbeidh sé le déanamh mar go bhfaighidh a riocht níos measa. Go dtí go ndéanann siad an obair oiriúnaithe, ní bheith siad díolmhaithe ón CMÁ.

Nuair a dhéanfar an obair oiriúnaithe, d'fhéadfadh sé go gcáileoidís le haghaidh díolúine má sháraíonn costas na hoibre oiriúnaithe 25% de luach inmhuirir na maoinne sular tugadh faoin obair. Má tá siad fós ag fáil liúntas um chúram baile, beidh orthu iarratas a sheoladh isteach chuig na Coimisinéirí Ioncaim ach ní bheidh gá dá ndochtúir a dhearbhu go bhfuil Mary faoi éagumas buan agus iomlán óna cothú féin ná aon fhaisnéis a chur ar fáil i ndáil lena riocht ná an gá leis na hoiriúintí a dhéanamh. Ach, beidh gá do theiripeoir saothair faisnéis a thabhairt maidir leis an méid a chuir éagumas Mary isteach ar a soghluaisteacht agus an chúis gur theastaigh an mhaoín agus/nó na hoiriúnuithe áirithe.